COMHAD FÍRICÍ:
TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE
Aonad 1
FEIDHMCHLÁIR SCARBHILEOIGE 2

Rewarding Learning

Intreoir

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- Scarbhileog a úsáid faoi choinne samhaltú sonraí
- Cairteacha a chruthú, a lipéadú agus a fhormáidiú
- Macra simplí a chruthú

Cad é an rud é Samhaltú Sonraí?

Cruthaítear samhail le staid san fhíorshaol a mhacasamhlú. I bhfeidhmchlár scarbhileoige, is féidir samhail a chruthú ag úsáid feidhmeanna agus foirmlí difriúla lena fheiceáil cad é mar a théann sé i bhfeidhm ar na sonraí eile atá sa scarbhileog má dhéantar athrú ar na sonraí a iontrálann an t-úsáideoir. Is féidir seo a úsáid le cuidiú le húsáideoirí socruithe tábhachtacha a dhéanamh.

Mar shampla, thiocfadh le húsáideoirí gnó measúnú a dhéanamh ar thionchar athrú ar an phraghas don aonad ar a mbrabús foriomlán (what-if), nó thiocfadh le múinteoirí samhail scarbhileoige a úsáid lena oibriú amach cá mhéad marc a chaithfidh dalta a bhaint amach le grád áirithe a fháil, bunaithe ar na leibhéil atá bainte amach acu go dtí seo. Is féidir scarbhileoga a úsáid le tuar a dhéanamh fosta.

Mar shampla, má leanann díolacháin táirge de bheith ag fás ar an ráta chéanna, cá háit a mbeidh na díolacháin i gceann 18 mí? Uaidh sin, is féidir bheith ag pleanáil don am atá le teacht.

Cairteacha

Taispeánann scarbhileoga sonraí i bhfoirm tábla. Is féidir cairteacha agus graif a úsáid le sonraí a thaispeáint ar dhóigh atá níos físiúla, rud a fhágann go bhfuil siad níos fusa a léamh agus níos fusa le treochtaí a aithint. Is féidir leat cineálacha difriúla cairteacha a dhéanamh. Mar shampla:

- Barrachairt
- Líne-chairt
- Píchairt
- Scaipghraf

Le graf a chruthú, ar dtús, ní mór duit na cealla atá tú ag iarraidh a thaispeáint a roghnú. Aibhsigh an ceantar.

Leid: Bain úsáid as an chnaipe rialaithe [Ctrl] le dhá raon ceall ar leith a aibhsiú.

Roghnaigh an táb '***Insert***' agus roghnaigh cé acu cineál cairte ba mhaith leat a úsáid. Is féidir leat úsáid a bhaint as na táib '***Chart Tools***' ansin le hathruithe a dhéanamh ar na dathanna, teidil, aiseanna, eochair eolais srl.



Is féidir cairteacha agus graif a chóipeáil isteach i bhfeidhmchláir bogearraí eile amhail bogearraí próiseála focal nó láithreoireachta. Is féidir iad a nascadh ionas go ndéanfaidh cairteacha aon athruithe a dhéantar don bhunchóip a nuashonrú go huathoibríoch.

Macra

Is clár beag é macra a cruthaíodh le tasc atriallach a dhéanamh. Ligeann sé don úsáideoir tasc a dhéanamh ag úsáid an mhacra in áit na treoracha aonair a iontráil. Má tá an tasc le húsáid a lán uaireanta, is fusa i bhfad agus is áisiúla don úsáideoir úsáid a bhaint as macra.

Is foireann orduithe/treoracha é atá taifeadta le chéile ionas gur féidir iad a ghníomhachtú le cliceáil luiche nó le méar ar eochair. Lena rá go simplí, is aicearra chuig tasc é.

Cruthaítear macra trí na tascanna atá le déanamh a thaifeadadh. Déantar é a ainmniú agus a shábháil ansin. Is féidir leat macra a scríobh ag úsáid eagarthóir scripte fosta.

Gníomhaíocht

Úsáid a bhaint as an scarbhileog Comhlaigh Aisteoirí a rinne tú do Chomhad Fíricí 1:

1. Cruthaigh graf ag taispeáint ainmneacha na n-aisteoirí agus a n-ollioncam. Cinntigh go bhfuil teideal cuí ar an ghraf agus go bhfuil na haiseanna lipéadaithe.
2. Socraigh an limistéar priontála ó A1 go H14.
3. Cruthaigh macra leis an limistéar priontála a phriontáil.

Leabharliosta

http://www.teach-ict.com/gcse_new/spreadsheets/spreadsheets/home_spreadsheets.htm

https://www.youtube.com/watch?v=y4vitff25BU

© CCEA 2019